C/2025/6772

23.12.2025

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 18 Samhain 2025

maidir le togra le haghaidh pacáiste um shimpliú fioscach ina bhfuil athruithe spriocdhírithe ar rialacha áirithe de chuid an aontais maidir le rialachas eacnamaíoch

(CON/2025/37)

(C/2025/6772)

Réamhrá agus bunús dlí

An 17 agus an 22 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Pharlaimint na hEorpa, faoi seach, ar thuairim maidir le (a) togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 a mhéid a bhaineann le hailíniú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus simpliú breise ar an gcreat sin ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013' anseo feasta); agus (b) togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 a mhéid a bhaineann le faireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais ([2]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 472/2013' anseo feasta.

Ina theannta sin, an 17 Deireadh Fómhair 2025, fuair BCE iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le socruithe cistiúcháin agus úsáid straitéise cistiúcháin éagsúlaithe ([3]) (dá ngairtear 'an rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002' anseo feasta), agus in éineacht leis an rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 agus an rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, na 'rialacháin atá beartaithe').

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil na rialacháin atá beartaithe ábhartha maidir le príomhchuspóir an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun, dá dtagraítear in Airteagail 127(1) agus 282(2) den Chonradh agus in Airteagal 2 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. Barúlacha ginearálta

1.1. Is díol sásaimh do BCE na rialacháin atá beartaithe, lena n-áirítear athruithe riachtanacha agus spriocdhírithe ar rialacha áirithe de chuid an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch a bhaineann go sonrach leis an limistéar euro. Is é is aidhm do na hathruithe sin a áirithiú go ndéanfar na hathruithe sin a ailíniú leis an athchóiriú cuimsitheach ar rialachas eacnamaíoch an Aontais don Aontas ina iomláine a glacadh i mí Aibreáin 2024 ([4]). Go deimhin, níor áiríodh san athchóiriú cuimsitheach sin na gnéithe de rialachas eacnamaíoch an Aontais a bhaineann go sonrach leis an limistéar euro a chumhdaítear leis na rialacháin atá beartaithe agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur i gcomhréir leis. Tá sé d'aidhm ag na rialacháin atá beartaithe freisin na ceanglais tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú, lena n-áirítear dúbláil áirithe tuairiscithe a sheachaint.

([1]) COM(2025) 591 final.
([2]) COM(2025) 593 final.
([3]) COM(2025) 595 final.
([4]) Lena gcuimsítear Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj), Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj.

1.2. Go sonrach, is éard atá i gceist leis na rialacháin atá beartaithe, inter alia, na hathruithe seo a leanas chun an t-ailíniú le hathchóiriú 2024 a áirithiú: (a) forálacha coiteanna maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnaimh iomarcacha Bhallstáit an limistéir euro a cheartú; (b) smachtbhannaí i gcás nach gcomhlíonann Ballstáit an limistéir euro rialacha rialachais eacnamaíoch; agus (c) forálacha maidir le faireachas feabhsaithe do Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais nó a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu, agus faireachas iarchláir. Cuirfidh an t-ailíniú sin le stóinseacht rialachas eacnamaíoch an Aontais ar an iomlán. Mar a luadh cheana sa tuairim ó BCE maidir leis an athchóiriú sin, is chun leas ollmhór ollmhór an Aontais, na mBallstát agus, go háirithe, an limistéir euro é creat láidir de chuid an Aontais le haghaidh comhordú agus faireachas ar an mbeartas eacnamaíoch agus fioscach ([5]).

1.3. Trí nósanna imeachta agus oibleagáidí tuairiscithe a shoiléiriú agus a shimpliú, mar a bheartaítear sna rialacháin atá beartaithe, cuirfear feabhas freisin ar éifeachtúlacht an fhaireachais eacnamaíoch agus fhioscaigh agus laghdófar an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit.

1.4. Maidir le faireachas feabhsaithe, go háirithe, is díol sásaimh do BCE an soiléiriú go bhfuil a iarratas ar Bhallstát sa limistéar euro a fhaigheann cúnamh airgeadais réamhchúraim nasctha go sainráite leis an gcúnamh airgeadais réamhchúraim sin lena gceanglaítear ar an mBallstát bearta beartais nua a ghlacadh. B'amhlaidh an cás gan beann ar cé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear an cúnamh airgeadais réamhchúraim faoi líne chreidmheasa coinníollacha feabhsaithe (enhanced conditions credit line, ECCL) den Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), lena n-áirítear per se an ceanglas sin bearta beartais nua a ghlacadh, nó faoi ionstraim cúnaimh airgeadais réamhchúraim eile ([6]). Eisiafar ón soiléiriú sin ó chur i bhfeidhm an fhaireachais fheabhsaithe Ballstáit sa limistéar euro a thairbhíonn de chúnamh airgeadais réamhchúraim nach bhfuil aon bhearta beartais nua ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, i gcás ionstraimí cúnaimh airgeadais réamhchúraim SCE a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil gá ar deireadh le faireachas feabhsaithe a chur i bhfeidhm. Is díol sásaimh do BCE an córasú sin ar chur i bhfeidhm nó eisiamh an fhaireachais fheabhsaithe maidir le Ballstáit sa limistéar euro a fhaigheann cúnamh airgeadais réamhchúraim. Is díol sásaimh do BCE freisin go soiléirítear leis na rialacháin atá beartaithe cuspóir agus raon feidhme an fhaireachais iarchláir, agus go ndéantar é a chuíchóiriú, agus measúnú éifeachtach ar rioscaí aisíocaíochta á choinneáil ag an am céanna.

1.5. Ar deireadh, leis na rialacháin atá beartaithe, déantar na socruithe cistiúcháin lena dtacaítear le cúnamh airgeadais ón Aontas do Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhardú na n-íocaíochtaí a ailíniú freisin le straitéis chistiúcháin éagsúlaithe fhoriomlán an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, ar díol sásaimh do BCE í freisin.

2. **Barúlacha sonracha**

2.1. *Rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 473/2013*

Is díol sásaimh do BCE na leasuithe atá beartaithe ar Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 toisc go bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go ndéanfar na rialacháin sin a ailíniú le forálacha agus le loighic agus cur chuige foriomlán chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais. Trí chomhsheasmhacht a áirithiú ar fud na rialachán éagsúil a bhfuil creat rialachais eacnamaíoch an Aontais comhdhéanta díobh, rannchuideofar le soiléireacht agus trédhearcacht níos fearr, atá ríthábhachtach chun an creat athchóirithe a chur chun feidhme go héifeachtach.

2.2. *Rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 472/2013*

2.2.1. Mar a léirítear i mír 1.4, is díol sásaimh do BCE na soiléirithe a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 472/2013. De réir aithris 8, ba cheart Ballstát sa limistéar euro a fhaigheann cúnamh airgeadais ar bhonn réamhchúraim ó Bhallstát amháin eile nó ó roinnt Ballstát eile nó ó thríú tír amháin eile nó ó roinnt tríú tíortha eile, ón Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach, ó SCE, nó ó institiúid airgeadais idirnáisiúnta ábhartha eile, amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, lena gceanglaítear bearta nua beartais a ghlacadh, a bheith faoi réir faireachais fheabhsaithe, lena n-áirítear mura dtarraingítear an cúnamh airgeadais sin go fóill.

([5]) Féach na barúlacha ginearálta de Thuairim CON/2023/20 ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2023 maidir le togra le haghaidh hathchóiriú an rialachais eacnamaíoch san Aontas Eorpach (IO C 290, 18.8.2023, lch. 17). Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

([6]) Féach aithris 8 den rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.

Soiléirítear san aithris freisin go n-éilíonn ECCL SCE bearta beartais nua den sórt sin agus, dá réir sin, ba cheart Ballstát a fhaigheann cúnamh airgeadais den sórt sin ar bhonn réamhchúraim a bheith faoi réir faireachas feabhsaithe. Ar deireadh, soiléirítear in aithris 8, maidir le hionstraimí nua cúnaimh airgeadais réamhchúraim SCE, gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás an bhfuil bearta beartais nua den sórt sin i gceangal leis an ionstraim nua a úsáidtear sa chás sin agus an gá faireachas feabhsaithe a chur i bhfeidhm má fhaigheann Ballstát cúnamh airgeadais den sórt sin.

2.2.2. Chomh maith leis sin, mar a léirítear i mír 1.4, is díol sásaimh do BCE go bhfuil sé beartaithe foráil a chur isteach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 lena soiléirítear cuspóir agus raon feidhme an fhaireachais iarchláir mar fhaireachán agus measúnú ar (a) acmhainneacht an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh airgeadais a fuarthas a aisíoc, agus a staid eacnamaíoch, bhuiséadach agus airgeadais á cur san áireamh; (b) cur chun feidhme aon athchóirithe a áirítear sa chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch nó an choinníollacht atá mar bhonn taca leis an gcúnamh airgeadais réamhchúraim a fuarthas; (c)agus (c) an gá atá le bearta ceartaitheacha chun maolú a dhéanamh ar an mbaol go n-aisíocfadh an Ballstát lena mbaineann an cúnamh airgeadais a fuarthas ([7]). Leanfar de mhisin athbhreithnithe agus den mheasúnú ón gCoimisiún a chur in iúl do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus do pharlaimint an Bhallstáit lena mbaineann, i gcuibhreann le BCE agus, mar riail, gach sé mhí.

2.2.3. Is díol sásaimh do BCE freisin go bhfuil sé beartaithe foráil nua eile a chur isteach in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, lena gceadaítear don Choimisiún cur i bhfeidhm an fhaireachais iarchláir a chur ar fionraí cúig bliana tar éis thús a chur i bhfeidhm, ar feadh tréimhse cúig bliana, faoi réir measúnú sonrach a fhéadfaidh an Coimisiún a ullmhú maidir le cumas an Bhallstáit lena mbaineann an cúnamh airgeadais a fuarthas a aisíoc, nach mór don Choimisiún imthosca áirithe a leagtar amach san fhoráil nua sin atá beartaithe a chur san áireamh ina leith ([8]). Tugann BCE dá aire nach bhfuiltear ag súil go ngníomhóidh sé i gcuibhreann leis an gCoimisiún agus a mheasúnú á chur in iúl aige ná an cinneadh maidir le faireachas iarchláir a chur ar fionraí. Déanfar misin ábhartha, áfach, i gcuibhreann le BCE, cosúil le misin athbhreithnithe iarchláir.

2.2.4. Ní raibh Rialachán (AE) Uimh ([9]). 1024/2013 ón gComhairle (dá ngairtear 'Rialachán SAM' anseo feasta) glactha go fóill tráth foilsithe an togra ón gCoimisiún a raibh glacadh Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 mar thoradh air. Thairis sin, glacadh tuairim BCE maidir leis an togra ([10]) sin ón gCoimisiún an 7 Márta 2012, i bhfad roimh thabhairt chun críche Rialachán SMA agus sular ghlac BCE na cúraimí a tugadh dó le Rialachán SMA an 4 Samhain 2014. Is díol sásaimh do BCE an tagairt shainráite sa rialachán atá beartaithe don idirghníomhaíocht idir Rialachán SAM ar thaobh amháin, agus róil BCE mar mhaoirseoir agus na n-údarás inniúil náisiúnta ábhartha laistigh d'fhaireachas feabhsaithe ([11]) faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ar an taobh eile.

2.3. *Rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 332/2002*

2.3.1. Is díol sásaimh do BCE an rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, arb é is aidhm dó socruithe cistiúcháin na saoráide comhardaithe íocaíochtaí a shimpliú i bhfabhar na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro agus a héifeachtúlacht agus a chostéifeachtúlacht a mhéadú.

([7]) Féach Airteagal 1, pointe (9)(b), de na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, lena gcuirtear Airteagal 14(1a) nua isteach i Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.

([8]) Féach Airteagal 1, pointe (9)(d), de na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, lena gcuirtear Airteagal 14(2a) nua isteach i Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj).

([10]) Féach mír 18 de Thuairim CON/2012/18 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Márta 2012 maidir le hathchóiriú an rialachais eacnamaíoch san Aontas Eorpach (IO C 141, 17.5.2012, lch. 7).

([11]) 11 Tugann BCE dá aire go ndéanfadh Airteagail 7(4) (faireachas ar chláir) agus 14(2) (faireachas iarchláir) de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, tar éis leasú a dhéanamh ar an rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, crostagairt d'Airteagal 3(3).

2.3.2. Tá modh cistiúcháin shaoráid an Aontais bunaithe faoi láthair ar mhaoiniú droim-le-droim, faoina ndéanann an Coimisiún oibríochtaí margaidh bunaithe ar riachtanais gach cáis iasachtaithe shonraigh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gach idirbheart iasachtaíochta ag an gCoimisiún nasctha go díreach le riachtanas eisíocaíochta. Leis an rialachán atá beartaithe lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 332/2002, athraítear modh cistiúcháin na saoráide i dtreo straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, rud a fhágann go bhfuil sé i gcomhréir le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe aontaithe an Choimisiúin atá i bhfeidhm faoi láthair.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 18 Samhain 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE